C/2024/1058

24.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11452 — DACHSER / FRIGOSCANDIA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1058)

1. An 17 Eanáir 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— DACHSER SE ('Dachser, an Ghearmáin), faoi rialú deiridh Dachser Group SE & Co. KG ('Dachser Group', an Ghearmáin),

— Frigoscandia AB ('Frigoscandia', an tSualainn).

Gheobhaidh DACHSER rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Frigoscandia ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta lóistíochta é Dachser. Tá dhá phríomhrannán ann: (i) lóistíocht bhóthair Dachser agus (ii) lóistíocht aeir agus mhara Dachser. Tá Dachser faoi rialú deiridh Dachser Group, a ghníomhaíonn mar chuideachta shealbhaíochta do Dachser agus d'eintitis oibriúcháin eile.

— Is soláthraí lóistíochta teochtrialaithe é Frigoscandia atá gníomhach sa tSualainn den chuid is mó.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11452 — DACHSER / FRIGOSCANDIA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË